# San Ospidéal



Thit Liam den bhalla i gclós na scoile. Bhris sé a chos agus b'éigean dó dul isteach san ospidéal. Chuaigh sé ann san **otharcharr.** Chuaigh sé isteach i **mbarda** mór agus bhí eagla air an chéad oíche. Bhí sé ag caoineadh ar feadh tamaill. Tháinig **banaltra** isteach ag tabhairt aire dó. Fuair sé **x-ghathú** an mhaidin ina dhiaidh sin. Chuir dochtúir **plástar** ar an gcois. An oíche sin tháinig Mamaí agus Daidí isteach chun é a fheiceáil. Thug siad a lán **féiríní** dó. Bhí **torthaí,** brioscaí, milseáin agus líomanáid aige ansin. D'fhan siad ag caint leis go dtí a deich a chlog. B'éigean dóibh imeacht ansin. Thug Liam torthaí do na **hothair** eile a bhí sa bharda. Ag deireadh na seachtaine chuaigh Liam abhaile. Bhí **maide croise** aige ar feadh cúpla seachtain.

**Foclóir:**
**otharcharr**, ambulance
**barda,** ward
**x-ghathú,** x-ray
**féiríní,** presents
**torthaí,** fruit
**othair,** patients
**maide croise,** crutch

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Conas a chuaigh Liam go dtí an t-ospidéal?
   — sa traein.
   — sa bhus.
   — san otharcharr.
2. Cad a rinne an dochtúir dó?
   — Thug sé instealladh dó.
   — Chuir sé plástar ar an gcois.
   — Thug sé buidéal leighis dó.
3. Cén fáth ar tháinig Mamaí agus Daidí isteach san ospidéal?
   — chun Liam a fheiceáil.
   — chun Liam a thabhairt abhaile.
   — mar bhí siad tinn.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**
1. Thit Liam den — i gclós na — .
2. Tháinig — isteach ag tabhairt aire dó.
3. Thug Liam torthaí do na — eile.
4. Ag deireadh na — chuaigh Liam abhaile.

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**
1. Mar bhris sé a chos.
2. Fuair sé x-ghathú.
3. D'fhan siad ag caint leis.
4. Ag deireadh na seachtaine.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**
1. Cár thit Liam?
2. Cén fáth a raibh eagla ar Liam an chéad oíche?
3. Cathain a fuair sé an x-ghathú?
4. Céard a thug Mamaí agus Daidí do Liam?
5. Cén fáth ar imigh Mamaí agus Daidí ar a deich a chlog?
6. Céard a thug Liam do na hothair eile?
7. Cá bhfuair sé an maide croise?

**Gramadach 17**
1. Ag deireadh **na seachtaine.**
   Ag deireadh (an oíche, an bhliain, an mhí.)
2. Bhí mé ag siúl faoin tuath. Bhí úll ag teastáil **uaim.** Chonaic mé úllord **romham.** Isteach **liom** ann go tapaidh. Ach rug madra **orm.**
   **Scríobh na habairtí arís ag tosú mar seo:**
   Bhí Seán ag siúl faoin tuath. Bhí úll ag teastáil—. . . . . . .
3. **Briathra:**
   **Thit** Liam den bhalla Dé Domhnaigh seo caite.
   (gach Domhnach, Dé Domhnaigh seo chugainn.)
   **Fuair** sé x-ghathú **inné.**
   (gach lá, amárach.)